

14.1 Dún Mór Sráidbhaile Beagfháis

14.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá Dún Mór suite 50KM soir ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe agus 15KM soir ó thuaidh ó bhaile Thuama. Tá fás tagtha ar phatrún lonnaíochta Dhún Mór le himeacht ama, ar bhruach an tSlogaire agus ag an gcrosbhealach den bhóthar tánaisteach náisiúnta N83 le bóithre réigiúnacha R328 agus R360.

Síneann na príomhshráideanna sa Sráidbhaile ó chearnóg lárnach an mhargaidh. Tá an ghné thráchtála de lár an tSráidbhaile teoranta den chuid is mó don cheantar ó thuaidh agus soir ón gcearnóg. Tá líon teoranta seirbhísí áitiúla áise sa sráidbhaile. Tá airde na bhfoirgneamh i lár an tsráidbhaile suas le trí stór ar a mhéad.

14.3 Pobail Inbhuanaithe

14.3.1 Tithíocht

Tá cuid mhór stoc tithíochta laistigh de limistéar phlean Dhún Mór agus laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Le blianta beaga anuas athraíodh roinnt maoin foilmhe le haghaidh úsáide cónaithe i gcroílár an tsráidbhaile. Tá an stoc tithíochta níos traidisiúnta sa Dún Mór comhdhéanta d'éagsúlacht mhaith stíleanna agus méideanna lena n-áirítear maoin scoite níos mó atá suite laistigh de cheapacha móra; áitribh leathscoite agus tithíocht de chineál bruachbhailte agus stíl sraithe ar dhlús níos airde.

Bhain Dún Mór leas as forbairtí nua tithíochta atá suite laistigh de chlúdach an tsráidbhaile, mar shampla tá Cearnóg na Beairice suite soir ó chroílár an tsráidbhaile, tá Siúlóid na mBráthar suite soir ó thuaidh ón sráidbhaile agus tá Fearann na Mainistreach suite ó thuaidh den sráidbhaile. Féachann an plean sráidbhaile seo le patrúin lonnaíochta inbhuanaithe a chinntiú, laistigh de limistéar an phlean a bhfuil nasc maith acu le lár an tsráidbhaile.

Bheadh sé inmhianaithe go ndéanfaí athnuachan leanúnach ar mhaoin laistigh de Chroílár an tsráidbhaile agus ba cheart go mbeadh dearadh ardchaighdeáin d'fhorbairt tithíochta inlíonta agus ba cheart go mbeadh aghaidheanna siopaí nua nó athsholáthair ag teacht le carachtar foriomlán na bhfoirgneamh tarraingteach i gcroílár an tsráidbhaile.

Tá scóip ann le forbairt laistigh den Dún Mór, ach, tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, a oidhreacht ailtireachta agus a oidhreacht eile agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus gan é a chur i gcontúirt, áfach.

14.3.2 Oideachas

Is í Scoil Nioclás Naofa an bhunscoil chomhoideachais áitiúil agus is í Scoil Phobail Dhún Mór an meánscoil chomhoideachais.

14.3.3 Áiseanna Pobail

Tá raon maith seirbhísí áitiúla á chur ar fáil i nDún Mór, lena n-áirítear saoráid CLG (MacHales Dhún Mór); páirceanna sacair ar leithligh suite ar Fhaiche an Aonaigh in aice leis an Mainistir Agaistíneach agus faichí rugbaí. Tá cúrsa gailf naoi bpoll suite ó dheas ón sráidbhaile, a mheallann díograiseoirí gailf go dtí an ceantar. Tá clós súgartha Dhún Mór suite sa sráidbhaile freisin agus tá sé faoi fhad siúil ó na comharsanachtaí máguaird.

14.3.4 Comhshaol agus Oidhreach

Tugadh Dún Mór air, mar gheall ar an dún mór. Bhí an dún bunaidh ina dhaincean ag na Ríthe Uí Conchobair, Ríthe Chonnacht, a dhíshealbhaigh na Norman de Berminghams iad ina dhiaidh sin.

Tá oidhreacht shaibhir thógtha ag an mbaile le Caisleán Dhún Mór ar an imeall Fheirm an Chaisleáin a cheaptar go dtéann siar go lár an tríú haois déag agus tá an Mhainistir Agaistíneach (a bunaíodh i 1425) i mbaile fearainn Fhearann na Mainistreach Theas mar chuid den bhaile stairiúil (GA017 -002) de Dhún Mór agus is Séadchomhartha Náisiúnta é atá faoi úinéireacht an stáit.

Tá an sráidbhaile suite i gceantar tuaithe droimneach réidh. Ritheann an Slogaire tríd an Dún Mór agus tá siúlbealach tarraingteach cois na habhann sa bhaile, ar taitneamhacht áitiúil í a bhfuil an-tóir uirthi. Tá an Slogaire mar chuid de chóras na Coiribe agus tá sí ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) mar chuid de SAC Loch Coirib. Tá Ceantar Oidhreachta Nádúrtha de Phortach an tSléibhe cúpla ciliméadar soir ón mbaile.

Tá buntáistí ag Dún Mór ar nós siúlóid abhann le Droichead Dhún Mór agus Cearnóg an Mhargaidh, a sholáthraíonn ceantair a úsáidtear mar spás oscailte éighníomhach. Tá an bruach is mó de spás oscailte suite ó dheas ón bhforbairt tithíochta reatha Siúlóid na mBráthar. Mar sin féin, níor baineadh úsáid as an limistéar talún atá ainmnithe mar spás oscailte go barr a chumais. Féadfar tuilleadh limistéar oscailte a ainmniú feadh chonair na habhann.

Tá croicheantar ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tá oidhreacht shaibhir seandálaíochta an cheantair faoi chosaint ag Crios a bhfuil acmhainneacht seandálaíochta aige atá dírithe ar an Mhainistir Agaistíneach ón 15ú haois ina bhfuil séipéal ón 19ú haois. Tá a thábhacht eaglasta le feiceáil freisin i reilig iata meánaoiseach Mhainistir San Nioclás i bhFearann na Mainistreach Thuaidh.

Tá foirgneamh Bhanc na hÉireann, cé go bhfuil sé tipiciúil ó thaobh mionsonraí ar fhoirgneamh bainc ón ré Vichteoiriach dhéanach, ní ghnáth a fheictear foirgneamh d'aon stór. Níos fearr fós, tá an aird ar tugadh ar mhionsonraí atá le feiceáil sa phóirse iontrála atá múnlaíthe go casta agus braic dín déanta as adhmaid agus tá sé uathúil ó thaobh stíle sa Sráidbhaile. Tógadh é breis agus céad bliain ó shin, agus leanann sé ag soláthar seirbhísí airgeadais don phobal áitiúil agus tá sé mar phointe fócasach sa Dún Mór.

14.3.5 Lár an tSráidbhaile agus Gnó & Fiontar

Cuireann an Dún Mór méid teoranta fostaíochta agus seirbhísí áitiúla ar fáil do mhuintir an tsráidbhaile agus don chúlchríoch níos leithne. Féachfaidh an plean le tacú le forbairt, fuinneamh agus beogacht an tsráidbhaile.

Tá foirgnimh trí stór a laghdaíonn go tithe cónaithe dhá stór agus aon stór ar imeall an ionaid tráchtála, mar thréithe ag croílár tráchtála Dhún Mór. Freastalaíonn miondíoltóir mór bia ar an Sráidbhaile atá suite ar an taobh thoir den N83. Tá go leor aonad miondíola, oifig an phoist agus clinicí tréidliachta sa sráidbhaile. Mar atá mínithe thuas tá roinnt foirgneamh atá folamh/as úsáid faoi láthair.

Tacóidh an plean trí chuspóir beartais a sholáthar, athfhorbairt agus athúsáid foirgneamh folamh. Spreagfaidh an t-údarás pleanála athghiniúint laistigh den Sráidbhaile le linn dearadh agus spreagfar úsáid an stoic fhoirgnimh atá folamh cheana féin.

I gcroílár an tsráidbhaile is é an aidhm ná úsáid tháirgiúil a bhaint as na foirgnimh atá folamh agus neamhúsáidte laistigh den limistéar seo. Tá acmhainn theoranta ann do scéimeanna cónaithe beaga nó do dheiseanna féin-thógtha laistigh den chroílár. Mar sin féin, tá deiseanna laistigh den lonnáiocht d'fhorbairt na maoine tearcúsáidte agus na n-áitreabh tréigthe atá ann soir ón sráidbhaile. Tacófar agus éascófar tograí forbartha atá suite i gcroílár an tsráidbhaile nuair is cuí, go háirithe Deiseanna um Chónaí os cionn an tSiopa i gcroílár an tsráidbhaile.

14.4 Seirbhísí agus Bonneagar

14.4.1 Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil. Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil do na tailte go léir a shaináithnítear d'acmhainneacht forbartha.

14.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile. Tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar fhorbairt atá beartaithe.

14.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Is é an N83 an Príomhbhóthar Náisiúnta idir Tuaim agus Béal Átha hAmhnais, a théann trí Dhún Mór. Cuireann Bus Éireann modh iompair phoiblí ar fáil do chónaitheoirí go Cathair na Gaillimhe lena n-áirítear stad ag GMIT. Soláthraíonn cuideachta bhus príobháideach nasc idir Dún Mór agus lár bhaile Thuama. Tá stad an bhus laistigh de lár an tsráidbhaile agus mar sin tá sé inrochtana dóibh siúd atá ina gcónaí sa sráidbhaile agus timpeall air.

Bhí comhairliúchán poiblí ann le déanaí maidir leis na hoibreacha feabhsúcháin bóithre atá riachtanach i sráidbhaile Dhún Mór chun rochtain éasca a éascú. Tá sé seo ag céim dhearaidh an phróisis faoi láthair.

14.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Dhún Mór agus tá sé de réir na dtreoirínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí an Bheartais Chríosaithe um Úsáid Talún do Dhún Mór (Dún Mór Sráidbhaile Beag háis)

DSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile Dhún Mór a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhrechtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasoireachta, fiontair, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuariteoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

DSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhrechtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaoine cónaithe shráidbhaile Dhún Mór. Áiseanna cónaithe reatha a chosaint agus forbairt inlfionta nua atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean.

DSGV 3 Iseanna Pobail

Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn ar thailte/láithreáin oiriúnacha, i nDún Mór le hardleibhéal rochtana ar an bpobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, pobail, cathartha, poiblí, institiúideacha, áineasa, cultúrtha agus comhlántacha eile, de réir mar is cuí.

DSGV 4 Forbairt agus Seirbhísí Itiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

DSGV 5 Fiontar ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus go háirithe an soláthar de dheiseanna d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag.

DSGV 6 Oibreacha Feabhsúcháin ar an Sráid-dreach

Féachaint d'ullmhúchán plean poiblí a éascú a chuirfidh bonn eolais faoi oibreacha feabhsúcháin ar an sráid-dreach faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

DSGV 7 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair poiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar is gá.

DSGV 8 Láithreán Deise

Athfhorbairt chúil an láithreán deise a shainaithnítear a chur chun cinn agus a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar Dhún Mór.

OPT- DU 1 Láithreán Deise Dún Mór

Cur síos Achomair: Is láithreán úrnua é i lár shráidbhaile Dhún Mór.

Achar: Is ionann achar an láithreán deise Uimh.1 agus 0.49HA

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tSráidbhaile.


Úsáid Talún Reatha: Láithreán úrnua folamh.


Deis


Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt mhiondíola agus/nó tráchtála. Ní mór don togra forbartha foriomlán aghaidh a thabhairt ar éadan na sráide nuair a athraíonn úsáid fheiceálach talún ó úsáid chónaithe go húsáid thráchtála. Dearadh foirgnimh nuálach, ardchaighdeáin agus leagan amach cuí agus suíomh na dtailte ábhair á gcur san áireamh.

D'fhéadfadh go mbeadh meascán d'úsáidí tráchtála agus cónaithe nó forbairt de chineál eachlainne oiriúnach anseo.










- Teorainn Ionraíochta
- Cónaithe atá ann cheana
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- * R - Inlíonadh Cónaithe
- LS - Lár an tSráidbhaile
- GF - Gnó & Fiontar
- AP - Áiseanna Pobail
- SO - Spás Oscailte/Áineas & Áiseanna
- BI - Bonneagar Iompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Úsáid Talún Srianata
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Suíomh Deise


**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028**








**Sráidbhaile Beagfháis
Dún Mór
Criosaithe Úsáide Talún**



**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council**

Galway County Council 2022/OSI_NMA_090
© Ordnance Survey Ireland, 2022



-  Teorainn Ionraíochta
-  Críos Tuile Tásach A
-  Críos Tuile Tásach B
-  Críos Tuile Tásach C
-  Tásach Báistiúil RMPT
-  RMPT Foircneach Báistiúil
-  Uisce

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028**

**Sráidbhaile Beagfháis
Dún Mór
Bainistíocht Riosca Tuilte**

